



## Forbairt Straitéiseach Tithíochta (FST)

2 Samhain, 2017

### Tuairisc chun dáta – Mí Iúil go Deireadh Fómhair 2017

Achtaíodh reachtaíocht nua in Iúil 2017 chun go bhféadfaí iarratais phleanála maidir le ar a laghad 100 aonad cónaithe agus 200 áit leapa do mhic léinn a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála. Sna chéad ceithre mhí den fheidhm nua a ghlacadh, rinneadh 22 n-iarratas bailí réamhiarratas chuig an mBord Pleanála agus tá an chéad trí iarratas lóisteáilte anois.

Tá Aonad Tithíochta Straitéisí bunaithe ag an mBord Pleanála chun déileáil le cásanna nua Tithíochta Straitéisí agus gheofar treoir mhionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne anois ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie).

### Comhairliúchán Réamhiarratais

Tá 22 n-iarratas bailí réamhiarratais faighte ag an mBord Pleanála idir Mí Iúil agus deireadh Mhí Dheireadh Fómhair. Baineann na hiarratais seo le forbairtí beartaithe trasna na tíre agus áirítear orthu soláthar do suas le 5,948 aonad (3,559 teach agus 2,389 árasán) agus 4,978 spás leapa do mhac léinn.

Comhairliúcháin Réamhiarratais (Iúil-Deireadh Fómhair 2017)				
Iarratais bhailí	Aonaid	Tithe	Árasáin	Spás leapa do mhic léinn
22	5,948	3,559	2,389	4,978

Eagraítear cruinnithe réamhiarratais laistigh de 6 seachtaine ón uair a fhaightear an t-iarratas ón iarratasóir agus bíonn ionadaithe ón mBord Pleanála, ón údarás áitiúil lena mbaineann agus ón iarratasóir i láthair acu. Bhí 19 gcruinniú ann sa tréimhse idir Mí Iúil agus deireadh Mhí Dheireadh Fómhair agus tá 3 chruinniú eile sceidealta cun tarlú i Mí na Samhna.

Tar éis cruinniú réamhiarratais, eisíonn an Bord Pleanála Tuairim maidir le cibé an bhfuil bonn réasúnta le hiarratas sna doiciméid nó cibé an gá iad a bhreithniú nó a leasú tuilleadh. Eisíodh aon cheann déag de Thuairimí d'iarratasóirí ionchasacha le linn thréimhse Mhí Lúnasa go Mí Dheireadh Fómhair.

### Iarratais

Lóisteáladh na chéad thrí dhá iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta, an dá cheann i gceantar Bhaile Átha Cliath agus an ceann eile i gContae na Gaillimhe.

Iarratas	Cur síos gairid	Seoladh Gréasáin	Faighte	Dáta an chinnidh
Cóiríocht do mhic léinn (ar campas) ag an gColáiste Ollscoile, BÁC	3006 spás leapa	<a href="http://ucdplanning.ie">ucdplanning.ie</a>	21/09/2017	19/01/2018
Forbairt chónaithe ag Feirm na Cré, Baile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18.	927 aonad cónaithe (365 teach agus 562 árasán)	<a href="http://cfp2.ie">cfp2.ie</a>	22/09/2017	22/01/2018
Forbairt Cónaithe ag Troiscaigh Thoir, Barna, Contae na Gaillimhe.	113 teach	<a href="http://Bearnahousingburkeway.com">Bearnahousing burkeway.com</a>	23/10/2017	20/02/2018

Ní mór na hiarratais seo a chinneadh laistigh den tréimhse éigeantach 16 seachtaine.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le [bord@pleanala.ie](mailto:bord@pleanala.ie).